




Bád a dhearadh

FEARAS	Marla, piseanna tirime, soithigh uisce (Boscaí ime), oráiste, próca
ULLMHÚCHÁN	Bailigh an fearas
CÚLRA	Tugtar ‘sá aníos’ ar an bhfórsa lena mbrúnn uisce nó leacht eile aníos. Is féidir an fórsa seo a mhothú má dhéanann tú iarracht rud éadrom mar bhalúin nó píosa aerachláir a bhrú faoi uisce. Bíonn tionchar ag cruth an bháid ar an meáchan (paisinéirí/lasta) is féidir léi iompar. Dá mhéid uisce a dhíchuireann an bád is ea is mó meáchain a bheidh sí in ann iompar.
SCILEANNA	Ag dearadh agus ag déanamh Ag imscrúdú agus ag tástáil – tástáil cothrom
GNÍOMHAÍOCHT	<p>Dear agus déan bád a bheidh in ann an méid is mó lastais a thógaint le méid áirithe marla.</p> <p>Ionas go mbeidh tástáil chothrom ann, bíodh an méid céanna marla ag gach dream.</p> <p>Iarr orthu liathróid a dhéanamh den mharla agus é a chur san uisce. Cad a tharlaíonn? (Téann sé go híoschtar).</p> <p>Anois iarr orthu an marla a chur ag snámh.</p> <p>Nuair a bheidh an ‘bád’ ag snámh is féidir leo ‘paisinéirí’ (piseanna tirime) a chur isteach inti.</p> <p>An mó paisinéirí is féidir leo a chur sa bhád sula dtéann sí go tóin poill?</p> <p>Cé acu bád a bhfuil an líon paisinéirí is mó inti?</p>
SÁBHÁILTEACHT	Aire le huisce.
LEATHNÚ	<p>(i) Cuir oráiste san uisce. Cad a tharlaíonn? (Snámhann sé) Anois bain an craiceann de agus cuir ar ais san uisce é. Cad a tharlaíonn? (Téann sé go tóin poill mar tá an craiceann lán de bholgoidí aeir a dhéanann an t-oráiste éadrom i gcomparáid lena mhaís. Mar sin téann an t-oráiste gan craiceann go tóin poill ach snámhann an t-oráiste le craiceann).</p> <p>(ii) Déan tumadóir (an chéad leathanach eile).</p>

BÍONN BÁID TROM



Ach díchuireann an cruth a bhíonn orthu a lán uisce.

Bíonn brú ag an uisce ar ais ar na báid agus coinníonn an brú seo na báid ar snámh.



Tumadóir a dhéanamh a snámhfaidh agus a rachaidh faoi

FEARAS	Marla, claibín bíró agus 'cos' as, fáiscín páipéir, buidéal mór (2l/3l) plaisteach a bhfuil claibín air.
CUSPÓIR	<p>Deilbh mharla a dhéanamh ar an méid ceart ionas, nuair a ghreamaítear le fáiscín páipéir é ar bharr an phinn, gur ar éigean a shnámhann sé (bíonn an barr ag gobadh aníos beagáinín).</p> <p>Cad a tharlaíonn nuair a bhrúnn tú síos ar bhuidéal plaisteach?</p> <p>Cad a tharlaíonn nuair a scaoileann tú leis?</p>
MÍNIÚ	<p>Nuair atá an tumadóir (barr pinn + fáiscín páipéir + deilbhín marla) ag snámh tá bolgáin aer iata istigh ann. Tá an tumadóir níos éadroime ná uisce agus mar sin snámhann sé.</p> <p>Nuair a fháisceann tú an buidéal brúnn tú uisce suas i gclaibín an phinn rud a chuireann an bholgán faoi bhrú. Tá an bholgán níos lú anois agus tá an tumadóir ina iomlán níos troime, leis an uisce breise, agus téann sé go toin poill.</p> <p>Nuair a ligeann tú do ghreim brúnn an bholgán aer amach as an tumadóir rud a dhéanann an tumadóir níos éadroime agus snámhann sé arís.</p>
LEATHNÚ	Fomhuireáin, aer a fháisceadh – brú aeir

